



AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

AN tAONÚ CHRUIINIÚ IOMLÁNACH DÉAG OIFIGÍ NA COMHRÚNAÍOCHTA, ARD MHACHA

21 Eanáir 2011

CHOMHRÁITEAS

1. Tionóladh an t-aonú chruinniú iomlánach déag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in oifigí CATT, Ard Mhacha ar 21 Eanáir 2011.
2. Bhí toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann faoi cheannasaíocht an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MP CTR. Bhí toscaireacht Rialtas na hÉireann faoi cheannasaíocht an Taoisigh, Brian Cowen TD. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar larscríbhinn.
3. Phléigh na hAirí réimse comhdhúshlán agus roinn a gcuid tuairimí ar chúrsaí eacnamaíochta, ar na bainc agus ar NAMA ar a chéile. D'aithin siad na srianta ar bhuiséid sa dá dhlínse agus fáiltíodh roimh an phlé leanúnach idir an bheirt Airí Airgeadais le sábháiltí féideartha costas a shainnithint trí chomhoibriú agus roinnt. Aithníodh gur inmhianaithe rochtain chistiú agus acmhainní an AE a uasmhéadú.
4. D'fháiltigh an Chomhairle roimh thiomantas leanúnach Rialtas na hÉireann maidir le cistiú i leith thionscadail Bhóithre an A5 agus an A8. D'hearbhaigh an Chomhairle a tacaíocht d'fhorbairt seirbhís satailíte radaiteiripe in Allt Mhic Dhuibhleacháin agus d'aontaigh Airí a machnamh a dhéanamh ar an fhéidearthacht a bhaineann le tuilleadh tacaíochta d'Aerfort Chathair Dhoire.

5. Le linn an phlé ar na dúshláin a bhaineann leis an aimsir, le tuilte agus leis an fhliú, d'aontaigh Airí gur thábhachtach tógáil ar an chomhoibriú atá ann cheana i dtaca le pleanáil éigeandála de.

TUARASCÁIL NA gCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN

6. Nótáil Airí an Tuarascáil Dul Chun Cinn ar na deich gcruinniú CATT a tionóladh ó bhí an cruinniú lomlánach deireanach ann in Iúil 2010 agus d'fháiltigh roimh an chomhoibriú atá le leas an dá dhlínse, ar a n-áirítear:

- Ar an chruinniú Forbairt Trádála agus Gnó i Samhain 2010, thairg Coimisinéir an AE ar Nuálaíocht, Máire Geoghegan-Quinn, d'Airí a tacaíocht leanúnach dá gcuid oibre i gcur chun cinn na nuálaíochta. Tiomnóidh *InterTradeIreland* acmhainní go sainiúil le comhpháirtíocht trasteorann a mhéadú in FP7.
- Osclaíodh an débhealach nua in aice leis an lúr in Iúil 2010 agus tá obair forbartha ag leanúint ar aghaidh ar an A5 (An Tairseach Thiar Thuaidh go hAchadh na Cloiche) agus ar an A8 (Béal Feirste go Latharna). Cinnteoidh na forbairtí seo, chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta cheana féin ar ghréasán mhótarbhealaí na hÉireann ina iomláine, ceangailteacht mhéadaithe ar bhóithre fud fad an oileáin.
- De réir figiúirí sealadacha tá laghduithe suntasacha ar an líon daoine a fuair bás ar na bóithre sa dá dhlínse. Ba chuidiú iad tionscnaimh a tugadh chun cinn, i gcomhar le CLG agus le Cumainn Fheirmeoirí Óga Uladh (YFCU), le teachtaireachtaí sábháilteacht bhóthair a scaipeadh.
- Seoladh an Mol nuálach Cosaint Leanaí Thuaidh Theas, i Samhain 2010 chomh maith leis an Straitéis Cumarsáide agus Ráiteas Cosaint Leanaí a chuirfidh chun cinn feacht an phobail agus a chuideoidh le gach duine maidir lena ndualgas leanaí a chosaint.
- Tá dul chun cinn ag leanúint ar aghaidh ar an Phlean Gníomhaíochta Uile-Oileáin ar Fhéinmharú a Chosc, ar bhunú seirbhís nua monatóireachta na meán nua i dTuaisceart Éireann agus ar chomhlánú an mheasúnaithe uile-oileáin ar Oiliúint Scileanna Idirghabhála Féinmharaithe. Tá beart nua, “Féinmharú agus na Tosca Eacnamaíochta” áirithe sa Phlean Gníomhaíochta.
- Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar fhorbairt Ionad nua Satailíte Radaiteiripe in Allt Mhic Dhuibhleacháin a bhfuil Rialtas na hÉireann toilteanach íocaíocht airgid agus caipitil a chur leis. As Dún na nGall agus an ceantar máguaird thart faoi thrian a fhreastalóidh ar Ionad Allt Mhic Dhuibhleacháin. Ina ráiteas le Tionól Thuaisceart Éireann ar dhréachtbhuiséad an

Fheidhmeannais, mhaígh Aire Airgeadais an Fheidhmeannais go mbeifí in ann leanúint ar aghaidh leis an chroíthionscadal seo.

- Tá 126 tionscadal dar luach €207 milliún faofa ag Clár SÍOCHÁIN III agus tá 49 tionscadal dar luach €153 milliún faofa ag Clár INTERREG IVA. Is é €95.15 milliún caiteachas iomlán an dá chlár go dáta, atá go maith os cionn sprioc charnach dheireadh 2010.
- Cuireadh Plean Gníomhaíochta don Straitéis Uile-Oileáin Sláinte agus Leas Ainmhithe ar siúl chomh maith le clár oibre le comhchur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le sláinte agus lotnaidicídí plandaí. Tá comhoibriú leanúnach ar siúl le dul i ngleic le roinnt cásanna de bhriseadh amach *Phytophthora ramorum* i roinnt coillte learóg Seapánach.
- Thacaigh Airí leis an Tionscadal *Rural Enabler* gona chistiú faofa £2.7m faoi Chlár SÍOCHÁIN III.
- Forbraíodh clár oibre cuimsitheach comhoibríoch a dhíríonn ar an luathfhorbairt agus an fhorbairt leanúnach ghairmiúil do mhúinteoirí Gaelscolaíochta.
- Tá comhoibriú ag leanúint ar aghaidh ar an litearthacht agus an uimhearthacht. D'fhoilsigh an dá Chigireacht Oideachais comhthuarascáil - *How to Promote Literacy and Numeracy in our Schools* – i mí na Nollag 2010.
- Tógadh dramhaíl a dumpáladh go mídhleathach ag láithreáin in Slattinagh i bhFear Manach agus i dTrileac, Co. Thír Eoghain. I ndiaidh iad a mheasúnú tosóidh obair ar na 15 láithreán eile. Tá comhbhearta daingne forfheidhmiúcháin ar siúl le díriú ar sheoladh dramhaíola.
- Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) ag comhoibriú chun cistiú a rochtain faoi choinne taighde tosaíochta comhshaoil faoi chlár Seachtú Creat (FP7), INTERREG agus LIFE+.
- Tá athnuachan na Canála Ríoga, lena hathcheangal den tSionainn, comhlánaithe agus sainaitníodh bealach roghnaithe do chuid Chluain Eois go Loch Éirne Uachtair de Chanáil Uladh.

SOGHLUAISEACHT TRASTEORANN – CEISTEANNA NUA/AG TEACHT CHUN CINN

7. Nótáil an Chomharle go bhfuil roinnt ceisteanna féideartha nua/ag teacht chun cinn a bhaineann le soghluaiseacht trasteorann agus go scrúdóidh an Chomhrúnaíocht na ceisteanna seo níos doimhne, i gcomhar leis na Ranna agus na gníomhaireachtaí bainteacha agus le forais bhainteacha eile. Cuirfear tuarascáil dul chun cinn i láthair an chéad chruinnithe institiúidigh eile de CATT.

Tá nasc déanta idir suíomh idirlín *The Border People* agus *NI Direct* agus *Citizens Information*.

DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL BHÓITHRE AN A5 AGUS AN A8

8. Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ar thionscadail an A5 (An Tairseach Thiar Thuaidh go hAchadh na Cloiche) agus ar an A8 (Béal Feirste go Latharna). D'fhaomh siad na garspriocanna tionscadail agus sceideal íocaíochtaí agus d'aontaigh tuarascáil eile dul chun cinn a mheas ag an chéad chruinniú iomlánach eile de CATT.

ATHBHREITHNIÚ CHOMHAONTÚ CHILL RÍMHINN

9. Nótáil an Chomhairle go bhfuil an comhairliúchán le hAirí bainteacha sa dá dhlínse ar gach gné d'athbhreithniú Chill Rímhinn beagnach curtha i gcrích agus toradh an chomhairliúcháin seo á chur san áireamh, ullmhóidh an grúpa athbhreithniúcháin tuarascáil a bheidh le meas ag CATT ar an chruinniú iomlánach a bheidh aige i Meitheamh 2011.

FÓRAM COMHAIRLEACH THUaidH THEAS

10. Nótáil an Chomhairle an cúlra agus na forbairtí is déanaí a bhaineann le Fóram Comhairleach Thuaidh Theas agus d'aontaigh an cheist a thabhairt chun cinn ar an chruinniú iomlánach i Meitheamh 2011.

FÓRAM PARLAIMINTEACH THUaidH THEAS

11. Nótáil CATT an ráiteas a d'eisigh Ceann Comhairle Thionól Thuaisceart Éireann agus Ceann Comhairle Dháil Éireann i ndiaidh Chomhdháil Fhóram Parlaiminteach Thuaidh Theas a tionóladh ar an Chaisleán Nua ar 7/8 Deireadh Fómhair 2010.

CRUINNITHE CATT AMACH ANSEO

12. D'fhaomh an Chomhairle sceideal chruinnite CATT don am atá le teacht.

An Chomhrúnaíocht
21 Eanáir 2011

IARSCRÍBHINN A

CRUNNIÚ DEN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS ARD MHACHA AOINE, 21 Eanáir 2011

Feidhmeannas Thuaisceart Éireann	Rialtas na hÉireann
An Ró-Onórach Peter Robinson CTR Céad-Aire	Brian Cowen TD Taoiseach agus Aire Gnóthaí Eachtracha
Martin McGuinness MP CTR LeasChéad-Aire	Mary Coughlan TD Tánaiste agus Aire Oideachais agus Scileanna agus Aire Sláinte agus Leanaí
Sammy Wilson MP CTR Aire Airgeadais agus Pearsanra	Mary Hanafin TD Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt agus Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta
Michelle Gildernew MP CTR Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe	Eamon Ryan TD Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
Nelson McCausland CTR Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta	Brendan Smith TD Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí
Caitríona Ruane CTR Aire Oideachais	Pat Carey TD Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus Aire Iompair
Danny Kennedy CTR Aire Fostaíochta agus Foghlama	
Arlene Foster MLA Aire Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta	
David Ford CTR Aire Dlí agus Cirt	
Conor Murphy MP CTR Aire Forbartha Réigiúnaí	
Alex Attwood CTR Aire Forbartha Sóisialta	
Robin Newton CTR (Aire Sóisearach) OFMDFM	
Gerry Kelly CTR (Aire Sóisearach) OFMDFM	